primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

# Athbreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Nu Bunscoile

## Bileog Eolais do Scoileanna




NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Bealtaine 2019

ncca.ie/primary

# Bileog Eolais do Scoileanna




Tá An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag déanamh athbhreithniú agus athfhorbairt ar churaclam na bunscoile. Ón uair a seoladh é in 1999 agus mar thoradh ar obair thiomnaithe múinteoirí, príomhoidí agus tuismitheoirí, tá an curaclam tar éis cabhrú le níos mó ná milliún páiste foghlaim agus forbairt a dhéanamh. Curaclam ceannródaíoch a bhí ann a leag bonn láidir síos le haghaidh teagaisc agus foghlama. Tá a lán athraithe tarlaithe, áfach, le fiche bliain anuas. Tá níos mó ar eolas againn anois faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí agus faoin gcineál saoil atá ag páiste atá ag fás aníos in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá a bhfuil an tsochaí ag súil leis ón oideachas bunscoile ag athrú. Ní mór dúinn mar sin cinnte a dhéanamh de go mbeidh an curaclam ag leanúint de bheith ag cur eispéiris ábhartha agus tharraingteacha ar fáil do pháistí.

Tá an CNCM ag obair le múinteoirí, le cleachtóirí luath-óige, le ceannairí scoile, le tuismitheoirí, le páistí, le comhlachtaí bainistíochta, le taighdeoirí agus le páirtithe leasmhara eile chun curaclam ardchaighdeáin a fhorbairt don 10-15 bliain amach romhainn. Leagann an leabhrán eolais seo amach cén fáth a bhfuilimid ag féachaint arís ar an gcuraclam, tuairiscí ar an obair atá déanta go dtí seo agus an próiseas atá in úsáid, na tuairimí atá á chloisteáil againn, agus na chéad chéimeanna eile. Rud an-tábhachtach, tugtar eolas sa leabhrán seo **ar an gcaoi ar féidir leatsa agus le do scoil a bheith páirteach san athbhreithniú**. Rinne múinteoir i bhFóram na Scoileanna cur síos air mar seo: "*Is é atá i gceist ná* [an obair bunaithe ar] *an tsuim agus an paisean atá againn go léir chun curaclam den scoth a mhúnlú, an curaclam is fearr a fhreastalóidh ar pháistí na hÉireann sna blianta atá amach romhainn.*"

# An fáth a gcaithfimid curaclam na bunscoile a athbhreithniú

Léirigh curaclam 1999 dúinn cé chomh tábhachtach is atá sé go mbainfeadh an páiste taitneamh as an bhfoghlaim agus spreag sé úsáid modheolaíochtaí foghlama gníomhaí. Leag sé béim ar fhorbairt scileanna teanga ó bhéal, agus ar thacaíocht leanúnach do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Bhí an feabhas a tháinig ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht i measc na rudaí iomadúla ar éirigh leo, faoi mar ata léirithe ag measúnaithe idirnáisiúnta. Ach tá go leor fianaise ann freisin faoi na dúshláin, e.g. ró-ualach curaclaim, an dúshlán a bhaineann le tacú le páistí mar fhoghlaimeoirí, agus na deacrachtaí a bhaineann le measúnú agus le tuairisciú ar fhoghlaim na bpáistí.

Ní mór freagairt do dhúshláin ach, ina theannta sin, tá roinnt daoine ag iarraidh go ndéanfadh curaclam na bunscoile níos mó! Go háirithe, iarradh go gcuirfí réimsí nua foghlama san áireamh, cuir i gcás: Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus teangacha iasachta nua-aimseartha. Iarradh freisin go mbeadh níos mó airde ar réimsí atá ann cheana féin ar nós folláine (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus Corpoideachas san áireamh). Ina theannta sin, leagadh amach in Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an *Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga* (2011) clár oibre athchóirithe curaclaim. Mar thoradh ar an gclár oibre sin forbraíodh Curaclam Teanga na Bunscoile agus táthar i mbun oibre ar churaclam matamaitice nua faoi láthair.

Cuirtear dhá bhliain d'oideachas réamhscoile uilíoch ar fáil anois, foilsíodh Aistear: *Creatchuraclam na Luath-Óige* (2009) agus foilsíodh an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015). Mar thoradh ar na forbairtí sin, tá athruithe tagtha ar an taithí a bhíonn ag páistí sula dtosaíonn siad sa bhunscoil agus ar an bhfoghlaim agus modh foghlama a bhíonn acu tar éis dóibh an bhunscoil a fhágáil.

Fágann sé sin gur gá breathnú arís ar churaclam na bunscoile agus cinnte a dhéanamh de go dtógann sé ar a dtugann páistí leo chun na scoile agus go bhfuil ceangal idir é agus a dtaithí iar-bhunscoile. Ag an am gcéanna, is gá go n-aithníonn sé uathúlacht agus tábhacht an oideachais bunscoile ar aistear foghlama an pháiste.

# An fáth a gcaithfimid curaclam na bunscoile a athbhreithniú

Tá athrú ollmhór tagtha ar shochaí na hÉireann ó foilsíodh curaclam 1999 – ní raibh an gréasán domhanda ann fós an t-am sin! Is dúchasaigh dhigiteacha iad páistí an lae inniu atá ina gcónaí i saol ina mbíonn rochtain réidh acu ar fhaisnéis. Bíonn an córas oideachais agus na páistí féin á múnlú ag taithí dhifriúil ar shaol an teaghlaigh, ag cultúir dhifriúla, ag creidimh agus tuairimí difriúla, agus ag cumais agus riachtanais dhifriúla. Dá bharr sin, tá dúshlán mór roimh scoileanna agus roimh mhúinteoirí an éagsúlacht sin a aithint agus freagairt di ar bhealach a chuireann ar chumas gach páiste foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh.

Smaoinigh air seo: i gcás páistí a tháinig nó a thiocfaidh ar an saol in 2019 agus a thosóidh ar an mbunscoil i mí Mheán Fómhair 2023/2024, cuirfidh siad tús lena saol oibre i ndaichidí an chéid seo agus rachaidh siad ar scor amach sna 2080í nó go luath sna 2090í. Ardaíonn sé sin ceist ríthábhachtach maidir leis an gcineál curaclaim bunscoile a fhorbróimid do pháistí anois agus do na blianta atá amach romhainn.

# An tAistear Comhairliúcháin go dtí seo...

## Féachaint ar thosaíochtaí curaclaim

Cuireadh tús leis an gcéad chéim den chomhairliúchán náisiúnta dhá bhliain déag tar éis fhoilsiú churaclam 1999 nuair a thugamar cuireadh do dhaoine a gcuid tosaíochtaí don oideachas bunscoile a roinnt. Sainaithníodh sé phríomhthosaíocht. Léirigh siad mar aonad go raibh tosaíochtaí curaclaim ag tosú ar athrú. Bhí níos mó béime á leagan ar fholláine agus ar a thábhachtaí is atá sé go mbraithfeadh páistí gur cuid de phobal na scoile iad agus go bhfuil ceangal acu leis.

| | | |
|---|---|---|
| **1. Scileanna saoil trí churaclam leathan** | **2. Cumarsáid** | **3. Folláine** |
| **4. Litearthacht agus uimhearthacht** | **5. Spreagadh agus rannpháirtíocht** | **6. Féiniúlacht agus muintearas** |

Is féidir leat léamh faoi na príomhthosaíochtaí ón gcomhairliúchán sin sa tuarascáil *Tosaíochtaí: Comhairliúchán Poiblí ar Thosaíochtaí Curaclaim (Priorities for Primary Education)* ag www.ncca.ie/bunscoil.

# Curaclam na Bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt

## Céim 1, 2016/2017

Bunaithe ar na tosaíochtaí curaclaim a sainaithníodh in 2011, d'fhoilsigh an CNCM dhá shraith moltaí i mí na Nollag 2016 maidir leis an gcaoi a bhféadfaí struchtúr difriúil a chur ar churaclam na bunscoile agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaí am a úsáid ar fud an churaclaim. Ba é seo an chéad uair le beagnach fiche bliain a bhí deis acu siúd atá ag obair san oideachas bunscoile a machnamh a dhéanamh ar struchtúr an churaclaim, ar na nithe ar chóir a bheith ann agus ar an gcaoi ar chóir am a dháileadh taobh istigh de. Bhaineamar úsáid as na moltaí sin chun dul i gcomhairle go fairsing le scoileanna agus le páirtithe leasmhara eile. Is féidir leat an tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus an achoimre fheidhmeach uirthi a léamh ag **www.ncca.ie/bunscoil** ar an leathanach a bhaineann le 'Bunfhorbairtí'.

Thug comhairliúcháin eile ar an gcuraclam eolas ábhartha dúinn chun curaclam na bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt. Ina measc sin bhí moltaí le haghaidh curaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, obair ar Churaclam nua Teanga na Bunscoile, dréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile, agus an t-athbhreithniú atá ar siúl go fóill ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.

## Céim 2, 2018/2019

Sa chéim reatha den obair, táimid ag forbairt dréachtchreat curaclaim a leagann amach an réasúnaíocht le haghaidh athfhorbairt churaclam na bunscoile agus an treo na hoibre sa réimse seo amach anseo. Tá trí shnáithe san obair seo. Múnlaíonn taithí múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páistí, mar aon le taighde agus léargais páirtithe leasmhara eile, gach ceann de na snáitheanna sin agus téann siad i bhfeidhm ar a chéile. Mínítear na snáitheanna thíos.



# Curaclam na Bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt

## Páipéir thaighde:




Tá an-thionchar ag taighde ar obair an CNCM. Táimid ag obair i gcomhar le taighdeoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sraith páipéar gearr a fhorbairt ar na príomhghnéithe a bhaineann le curaclam. Seo roinnt samplaí de réimsí a phléitear sna páipéir: critíc ar churaclam na bunscoile 1999, luachanna agus tosaíochtaí don oideachas, príomhinniúlachtaí, comhtháthú agus measúnú. Tá iniúchadh ar fhorbairtí curaclaim i ndlínsí eile san áireamh chomh maith. Is féidir linn leas a bhaint astu sin in éineacht le torthaí ó athbhreithnithe curaclaim a rinneadh níos luaithe (2005; 2008). Tá na páipéir thaighde le fáil anseo: **www.ncca.ie/bunscoil**.



## Seimineáir ar an gcuraclam

Reáchtálamar cúig sheimineár ar an gcuraclam idir Márta 2018 agus Eanáir 2019. Sna seimineáir sin, díríodh ar na príomhghnéithe a bhaineann le curaclam, bunaithe ar na páipéir thaighde ghearra. Tháinig múinteoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile le chéile ag na seimineáir chun na príomhphointí ó na páipéir taighde a phlé agus a chíoradh agus a ndearcadh féin a thabhairt.




## Fóram na Scoileanna:

Tá 44 bunscoil, iar-bhunscoil agus réamhscoil ó gach cearn den tír páirteach san fhóram. Le chéile, léiríonn siad éagsúlacht shaibhir na gcomhthéacsanna scoile in Éirinn. Tagann múinteoirí agus cleachtóirí ó na scoileanna agus réamhscoileanna le chéile uair gach 4-6 seachtaine i bhFóram na Scoileanna chun an t-athbhreithniú agus an athfhorbairt ar an gcuraclam a threorú agus a mhúnlú. Chomh maith leis sin, roinn tuismitheoirí páistí atá ag freastal ar chuid de na scoileanna sin a gcuid smaointe agus a gcuid tuairimí faoi churaclam bunscoile linn. Seo mar a chuir múinteoir amháin síos ar Fhóram na Scoileanna: *Bíonn deis ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí a machnamh a dhéanamh ar cheisteanna móra ar nós: Céard a cheapann muid atá tábhachtach san oideachas? Cén cuspóir atá leis? Céard ba cheart a mhúineadh do pháistí agus cén chaoi ar cheart é a mhúineadh? Céard atá tábhachtach inár gcomhthéacs reatha? Céard a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil amach anseo?*

# A bhfuil á chloisteáil againn go dtí seo

Tháinig buanna churaclam na bunscoile 1999, agus na bealaí inar éirigh leis, aníos arís is arís eile agus muid ag obair le scoileanna agus le páirtithe leasmhara eile. Ach tháinig na dúshláin agus na bearnaí i gcuraclam atá 20 bliain d'aois chun cinn arís is arís eile freisin. Tá roinnt pointí ag éirí soiléir agus muid ag déanamh ár machaimh ar an gcaoi ar féidir leis an gcéad leagan eile den churaclam tógáil ar láidreachtaí na gcuraclam a chuaigh roimhe ach freagairt do na dúshláin ag an am céanna. Dúirt daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán go bhfuil na rudaí seo a leanas tábhachtach i gcuraclam bunscoile athfhorbartha.

## Cuspóir agus tosaíochtaí

Aidhmeanna, prionsabail agus tosaíochtaí soiléire a leagan amach d'fhoghlaim na bpáistí ar feadh na n-ocht mbliana a chaithfidh siad sa bhunscoil.

Tacú le haistrithe oideachais, ag tógáil ar a bhfoghlaimíonn páistí sa réamhscoil agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad é. Is gá ceangail a dhéanamh lena bhfoghlaimeoidh siad nuair a bhogfaidh siad go dtí an iar-bhunscoil agus leis an gcaoi a bhfoghlaimeoidh siad é.

Daingniú a dhéanamh ar thionscnaimh, ar chláir agus ar straitéisí éagsúla a tháinig chun cinn le déanaí d'fhonn tosaíochtaí d'oideachas bunscoile na bpáistí a shoiléiriú.

## Struchtúr agus am

- Bogadh ó ábhair aonair go dtí struchtúr curaclaim níos comhtháite sna luathbhlianta den bhunscoil ach a chinntiú ag an am gcéanna go leagfaidh an struchtúr comhtháite bonn láidir síos le haghaidh na n-ábhar.
- Úsáid a bhaint as ábhair fós chun struchtúr a chur ar an gcuraclam sna blianta níos déanaí den bhunscoil, ach machnamh an-chúramach a dhéanamh ar cén uair (ag cén leibhéal ranga) a chuirfear tús leis sin.
- Dáileadh ama seachtainiúil a choinneáil le haghaidh teanga agus mata (agus corpoideachas, b'fhéidir) ach féachaint ar dháileadh ama don chuid eile den churaclam ar amscála níos faide, cuir i gcás dáileadh ama míosúil nó in aghaidh an téarma.
- Níos mó solúbthachta a thabhairt do scoileanna chun an chaoi a n-úsáidtear an t-am ar fud an churaclaim a leagan amach ar an tslí is fearr a oireann dá bpobal scoile agus a chinntíonn, ag an am céanna, go mbeidh curaclam leathan cothrom ag na páistí fós.

- Am lánroghnach a thabhairt ar ais agus treoirlínte a chur ar fáil chun cabhrú le scoileanna é sin a úsáid ar mhaithe le cuspóirí éagsúla, forbairt curaclaim áitiúil san áireamh.
- Réimsí foghlama nua agus leathnaithe a chur san áireamh, cuir i gcás ORC agus Eitic, códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil, teangacha iasachta nua-aimseartha, agus folláine.




## Teagasc agus foghlaim

- Freagairt do ró-ualach curaclaim trí dheireadh a chur le hathrá nach bhfuil gá leis, ábhar a laghdú agus comhairle phraiticiúil a chur ar fáil maidir le comhtháthú.
- Samplaí praiticiúla a chur ar fáil de chineálacha cur chuige nua agus nuálacha i leith teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an timpeallacht lasmuigh.
- Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le meonta agus inniúlachtaí a fhorbairt chomh maith le heolas, d’fhonn tacú le páistí maireachtáil i saol atá ag athrú go tapa.
- Tacú le hobair na scoileanna chun cabhrú le gach páiste dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama.
- Níos mó deiseanna a thabhairt do pháistí páirt a ghlacadh i gcinntí a dhéanamh maidir lena gcuid foghlama, lena n-áirítear trí shúgradh, trí fhoghlaim atá bunaithe ar fhiosrú agus trí fhoghlaim atá bunaithe ar thionscadail.
- An measúnú a athshamhlú mar chuid orgánach agus fhuinniúil den teagasc agus den fhoghlaim a fhreastalaíonn ar riachtanais páistí agus múinteoirí thar aon ní eile.
- An caidreamh le tuismitheoirí agus leis na pobail ina bhfuil scoileanna lonnaithe a neartú.

# A bhfuil á chloisteáil againn go dtí seo

## Tacú le hathrú curaclaim

Díríodh freisin ar 'na tacaíochtaí' a theastaíonn le cur ar chumas scoileanna leas a bhaint as curaclam bunscoile athfhorbartha. Áirítear orthu sin:

- am chun dul i dtaithí ar na smaointe nua sa churaclam agus ar na hathruithe ar an gcuraclam, agus am le bheith ag obair le comhghleacaithe chun pleanáil a dhéanamh ar conas an curaclam a chur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile.
- rochtain leanúnach ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeáin agus atá scoilbhunaithe agus deiseanna chun leas a bhaint aisti sin.
- múinteoirí agus ceannairí scoile a chumasú agus tacú leo chun riachtanais ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe de a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibhsan mar aon le tosaíochtaí náisiúnta.
- athbhreithniú a dhéanamh ar na héilimh a dhéantar ar scoileanna maidir le pleanáil agus cáipéisíocht churaclaim agus iad a uasdátú nuair is gá.
- na hathruithe ar an gcuraclam a neadú in oiliúint tosaigh múinteoirí.



# Na chéad chéimeanna eile



Beidh an CNCM ag obair le Fóram na Scoileanna agus leis na comhpháirtithe oideachais chun dréachtchreat curaclaim a fhorbairt sna míonna atá amach romhainn. Leagfar amach fís don oideachas bunscoile sa chreat seo agus déanfar cur síos soiléir ann ar chuspóir agus struchtúr an churaclaim athfhorbartha. Foilseofar an dréachtchreat níos déanaí i mbliana agus bunófar comhairliúchán fairsing air.

Deis atá sa chomhairliúchán seo do thuairimí a thabhairt agus a bheith páirteach in athfhorbairt churaclam na bunscoile. Beidh sonraí faoin gcaoi ar féidir leat páirt a ghlacadh ar **www.ncca.ie** agus ar na meáin shóisialta, agus roinnfear an t-eolas riachtanach go léir leis na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear coistí bainistíochta scoile, Cumann Múinteoirí Éireann, Gréasán Príomhoidí Bunscoile na hÉireann agus Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscolaíocht).

Go dtí sin, is féidir leat níos mó eolais a fháil faoin obair ar churaclam na bunscoile ach an scéala is déanaí a léamh ag **www.ncca.ie/bunscoil**. Is féidir clárú anseo chun an t-eolas is deireanaí a fháil í ríomhphost.


Labhair Gaeilge Linn!
Gabh mo leithscéal?
Cad is brí le ...?
Conas a deir tú?
Conas a litríonn tú?
Cá bhfuil ...?
Cá bhfuil tú i do chónaí?
Tá brón orm